2026/2368

27.10.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2368 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2245 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine, ar ar chuir Misean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin oiliúint le trealamh míleata, agus ardáin mhíleata, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 14 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2245 ([1]), lenar bunaíodh beart cúnaimh chun tacú le fothú acmhainneachta Fhórsaí Armtha na hÚcráine arna dhéanamh trí Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine) chun go mbeidh Fórsaí Armtha na hÚcráine in ann iomláine chríochach agus ceannasacht na hÚcráine a chosaint, agus chun an pobal sibhialtach a chosaint ar an bhfogha míleata atá ar siúl faoi láthair.

(2) An 18 Meitheamh 2026, d'athdheimhnigh an Chomhairle Eorpach a tacaíocht dhaingean leanúnach bhuanseasmhach don Úcráin, agus d'athdhearbhaigh sí go bhfuil an tAontas agus na Ballstáit ullamh chun rannchuidiú le ráthaíochtaí slándála láidre inchreidte don Úcráin, lena n-áirítear trí EUMAM Ukraine.

(3) Sa chomhthéacs seo, ba cheart don bheart cúnaimh leanúint de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí oiliúna EUMAM Ukraine agus, dá bhrí sin, ba cheart EUR 200 000 000 breise a chur leis an méid tagartha airgeadais agus ba cheart síneadh a chur le fad an bhirt cúnaimh go dtí 80 mí.

(4) Déanfaidh an Coiste um an tSaoráid arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle ([2]) athbhreithniú ar mhaoiniú na tacaíochta faoin mbeart cúnaimh seo in am trátha, i gcomhréir le hAirteagal 2(3) den Chinneadh sin, faoi réir cinneadh ón gComhairle maidir le huasteorainn airgeadais don tSaoráid Eorpach Síochána maidir leis an gcéad timthriall buiséadach eile i gcomhréir le hAirteagal 73(11) den Chinneadh sin, gan dochar do thoradh an phlé faoi,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2245 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 4 agus 5:

'4. Ach a gcríochnófar an oiliúint go hiomlán nó a gcuirfear deireadh le EUMAM Ukraine, déanfar coimeád an armlóin, an trealaimh mhíleata, agus na n-ardán míleata, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh, a cuireadh ar fáil faoin mBeart Cúnaimh, a aistriú chuig an tairbhí. Bunaithe ar riachtanais na hÚcráine, féadfar armlón, trealamh míleata, agus ardáin mhíleata, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh, a aistriú chuig an tairbhí a luaithe a úsáidfear iad i ngach modúl oiliúna.

5. Mairfidh an Beart Cúnaimh 80 mí ó ghlacadh an Chinnidh seo.';

([1]) Cinneadh (CBES) 2022/2245 ón gComhairle an 14 Samhain 2022 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine, ar ar chuir Misean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin oiliúint le trealamh míleata, agus ardáin, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh (IO L 294, 15.11.2022, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2245/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/509/oj).

(2) in Airteagal 2,

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. EUR 400 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá ceaptha chun an caiteachas a bhaineann leis an mBeart Cúnaimh a chumhdach.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. I gcomhréir le hAirteagal 29(5) de Chinneadh (CBES) 2021/509, féadfaidh an riarthóir um oibríochtaí glao ar ranníocaíochtaí tar éis ghlacadh an Chinnidh seo, suas go EUR 400 000 000. Ní úsáidfear na cistí a ghlaofaidh an riarthóir um oibríochtaí ach chun caiteachas a íoc laistigh de na teorainneacha arna bhformheas ag an gCoiste arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 sa bhuiséad gaolmhar a chomhfhreagraíonn don Bheart Cúnaimh.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 26 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON